**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

# An Ardteistiméireacht 2017

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Stair

**Gnáthleibhéal**

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# AN NUA-AOIS DHÉANACH

# GNÁTHLEIBHÉAL

*AN TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)*
*(100 marc)*

**TEIDEAL AN STAIDÉIR (níl aon mharc ina leith seo)**

Ní cheadaítear marc ar bith i leith an teidil ach ní mór an teideal a thabhairt san áireamh sa mheastóireacht 'ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar staidéir' faoin *Meastóireacht ar na Foinsí*.

**PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)**

Foinsí a lua = 6 mharc Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar dhá fhoinse a lua.

Foinse amháin a lua go cuimsitheach agus go cruinn = 3 mharc

3 mharc x 2 = 6 mharc do dhá fhoinse

Teideal = 1 mharc

Údar = 1 mharc

Mír eolais eile sa bhreis air sin mar fhianaise (e.g.: foilsitheoir, dáta foilsithe, seoladh suíomh idirlín, etc.) = 1 mharc

**An t-ábhar staidéir atá molta a shainiú agus bunús a thabhairt dó, ag sonrú na n-aidhmeanna agus an chuir chuige atá i gceist.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist staidéar a dhéanamh air agus an chúis go ndéantar? An leagann an t-iarrthóir amach na haidhmeanna leis an staidéar agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Agus an freagra á mheas ina iomláine, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

***go han-mhaith*** = 8-9 marc
***go maith*** = 6-7 marc
***réasúnta*** = 3-5 mharc
***go lag*** = 0-2 mharc

## MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)

Tagairt a dhéanamh d'fheabhas nó do laige na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar.

Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| | |
|---|---|
| Tagairt don DÁ fhoinse | ***go han-mhaith*** = 21-25 marc<br>***go maith*** = 15-20 marc<br>***réasúnta*** = 8-14 mharc<br>***go lag*** = 0-7 marc |
| Gan ach tagairt d'fhoinse AMHÁIN | ***go han-mhaith*** = 14-17 marc<br>***go maith*** = 10-13 mharc<br>***réasúnta*** = 5-9 marc<br>***go lag*** = 0-4 mharc |

## AISTE FHADA (60 marc)

Aiste staire = 50 marc Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

Is féidir an t-athbhreithniú ar an bpróiseas taighde a bheith ina chuid shlán den aiste nó is féidir é a chur i láthair mar ghné ar leith den obair.
Ba cheart an aiste staire a mheas mar aonad agus marcanna as 50 a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Eolas ar an stair – 25 marc***<br>Críochnúil,<br>cruinn<br>agus ag baint le hábhar an teidil | ***Go han-mhaith:*** 21-25<br>***Go maith:*** 15-20<br>***Réasúnta:*** 8-14<br>***Go lag:*** 0-7 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc***<br>Tá suntas ó thaobh staire leis an staidéar a roghnaíodh (ní ábhar gan iomrá, gan tábhacht é)<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna.<br>Taighde sách domhain léirithe | ***Sármhaith*** 13-15<br>***Go han-mhaith:*** 10-12<br>***Go maith:*** 7-9<br>***Réasúnta:*** 4-6<br>***Go lag:*** 0-3 |
| ***Cur i Láthair – 10 marc***<br>Leagan amach<br>Fad cuí | ***Go han-mhaith:*** 8-10<br>***Go maith:*** 6-7<br>***Réasúnta:*** 4-5<br>***Go lag:*** 0-3 |

### *Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)*

Is féidir seo a chur i láthair mar chuid ann féin nó mar chuid shlán den aiste.
Ba cheart don scrúdaitheoir an cuntas ar an bpróiseas taighde a mheas ina iomláine.
Tar éis an t-athbhreithniú a mheas, ba cheart don scrúdaitheoir marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***Go han-mhaith:*** 8-10
***Go maith:*** 6-7
***Réasúnta:*** 4-5
***Go lag:*** 0-3

**_Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB)_**
**_(100 marc)_**

Tá ceithre chuid sa cheist Dhoiciméad-bhunaithe:

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Tuiscint | (40 marc) |
| 2. | Comparáid | (20 marc) |
| 3. | Criticeas | (20 marc) |
| 4. | Comhthéacsúchán | (20 marc) |

***1. Tuiscint (40 marc)***

(a) Néata agus slachtmhar. 8M

(b) Ar gach láthair campála. 8M

(c) Caithfidh gach duine a bheith sa leaba. 8M

(d) Lámh a chroitheadh nó labhairt le duine (Konstantin Hierl) 8M

(e) Svaistice 8M
Cros Ghearmánach = 4M

Uasmhéid = 40 marc

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Luaitear i nDoiciméad A cuid de na rialacha dochta don láthair campála: Ní cheadaítear tobac a chaitheamh sna pubaill. Ní cheadaítear lampaí ola, tinte oscailte ná cócaireacht sna pubaill ná gar dóibh. Níl cead ag aon duine an láthair a fhágáil gan chead. Ní mór a rá leis an dochtúir má bhíonn tú ag aireachtáil tinn. Caithfear a bheith ciúin i ndiaidh am leapa ag 10.30.

Léirítear i nDoiciméad B slua mór millteach seasta ar aire os comhair an ardáin áit a bhfuil na Naitsithe sinsearacha. Tá na grúpaí seasta i ranganna agus línte eagraithe agus tá siad ar fad ag caitheamh éide de chineál éigin.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte.
Freagra a luann an dá dhoiciméad = 5M + 5M Uasmhéid = 10M

(b) Leagtar amach i nDoiciméad A go leor de na rialacha don lucht campála ag an slógadh. Tugann sé seo léargas níos fearr ar an gcaoi ar eagraíodh na slógaí agus is féidir linn a shamhlú uaidh seo cén chaoi a mbeadh sé freastal ar cheann acu.

Taispeántar i nDoiciméad B radharc ar an slógadh ón bpríomhardán. Is grianghraf maith atá ann ach ní léiríonn sé ach nóiméad amháin. Tá cuma mhórthaibhseach ar an slua agus caithfidh go raibh Hitler sásta, ach ní fhoghlaimíonn muid dada faoin gcaoi ar tháinig an slua le chéile, faoinar tháinig ina dhiaidh ná faoi na hóráidí a tugadh.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte. Ní mór an dá dhoiciméad a lua.
Freagra a luann an dá dhoiciméad = 5M + 5M Uasmhéid = 10M

*3. Criticeas (20 marc)*

(a) Chun daoine a choinneáil slán agus/nó le smacht a choinneáil ar dhaoine.

Baineann formhór na rialacha seo le sláinte agus sábháilteacht. Cuireann siad béim ar an ngá atá le glaineacht, ar bhaol tine agus ar scaipeadh féideartha tinnis i measc slua mór.

Baineann rialacha eile le disciplín. Theastaigh pas leis an láthair a fhágáil agus b'éigean fógra a thabhairt nuair a thagtaí ar ais agus is comharthaí iad seo go raibh na heagraithe ag iarraidh an slua a choinneáil faoi smacht.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte. 10M

(b) Is foinse phríomha é Doiciméad B mar gur grianghraf atá ann a tarraingíodh de Hitler, dá chuid oifigeach sinsearach agus de na sluaite ó gach cearn den Ghearmáin ag fíorshlógadh Nuremburg i 1937. Mar sin, is fianaise ó bhunfhoinse é ó imeacht faoi leith sa stair.

Marcáiltear cáilíocht an mhínithe de réir mar atá tuillte. 10M

*4. Comhthéacsúchán (20 marc)*

Marcáiltear de réir phrionsabal an Ráitis Bhuntábhachta.
Uasmhéid = 20 marc

Tabhair faoi deara go bhfuil **an chuspóir** a bhí le Slógaí Nuremburg á lorg sa cheist.

Is féidir **Ráiteas Buntábhachta** a shainmhíniú mar ráiteas de chineál acu seo a leanas:

- Ráiteas faoi fhíric shuntasach a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh
- Míniú, tuairim nó tráchtaireacht bhailí a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh
- Ráiteas suntasach réamhráiteach **NÓ** clabhsúir a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh

Maidir leis an bprionsabal marcála de réir Ráiteas Buntábhachta a chur i bhfeidhm, déanfaidh na scrúdaitheoirí mar seo a leanas:

- Tar éis an freagra a léamh, ba cheart é a bhriseadh suas ina Ráitis Bhuntábhachta, agus tic (√ ) a chur ag deireadh gach Ráitis Bhuntábhachta a chríochnaítear
- Bronntar 5 mharc ar gach Ráiteas Buntábhachta a chríochnaítear
- D'fhéadfadh go ngnóthófaí 1-4 mharc ar Ráiteas Buntábhachta nach gcríochnaítear ag deireadh freagra

Sa chás seo, maidir le ceist 4 sa Cheist Dhoiciméad-bhunaithe, féachfaidh an scrúdaitheoir le 5 mharc an ceann a bhronnadh as ceithre Ráiteas Buntábhachta chun na méid iomlán de 20 marc a fháil.

***Roinn 2: ÉIRE (200 marc)***
***agus***
***Roinn 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (100 marc)***

Ní mór don iarrthóir freagra a thabhairt ar **dhá** Thopaic i Roinn 2 agus ar Thopaic **amháin** i Roinn 3.

Tá gach Topaic roinnte ina trí chuid:

A. Aonad faoi spreagadh le 4/5 cinn de cheisteanna gearra le tabhairt fúthu (uasmhéid: 30 marc)
B. Alt gairid le scríobh mar gheall ar cheann de cheithre cinn de cheannteidil (uasmhéid: 30 marc)
C. Alt níos faide le scríobh mar fhreagra ar cheann de cheithre cinn de cheisteanna (uasmhéid: 40 marc)

Déanfar an mharcáil ar A, B agus C mar seo a leanas:

A. Is é an gnáthrud go mbronnfar na marcanna de réir 6 mharc in aghaidh na ceiste agus le 6 mharc x 5 ghnóthófaí uasmhéid 30 marc. Féach ***Nótaí maidir le topaicí faoi leith*** thíos maidir le hathruithe ón nós sin.
B. Déanfar an mharcáil ar an bhfreagra seo de réir phrionsabail an Ráitis Bhuntábhachta mar a leagtar síos thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach 20 marc i leith na Ráiteas Buntábhachta agus ceadófar Uasmharc 10 marc i leith Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Feic an scála aistritheach thíos.
C. Déanfar an mharcáil ar an bhfreagra seo de réir phrionsabail an Ráitis Bhuntábhachta mar a leagtar síos thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach 30 marc i leith Ráitis Bhuntábhachta agus ceadófar Uasmharc 10 marc i leith Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Feic an scála aistritheach thíos.

**Marc Carnach (MC)**
Seo é an marc iomlán a bhronntar mar gheall ar Ráitis Bhuntábhachta, faoi réir ag uasmhéid 20 marc i gcás chuid B agus uasmhéid 30 marc i gcás chuid C.

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)**
Agus marcanna á mbronnadh faoi MG, tabharfaidh an scrúdaitheoir san áireamh a fheabhas a thagann an freagra leis an gceannteideal nó a théitear i ngleic leis an gceist a cuireadh. Beidh an tábla grádúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

***Sármhaith:*** 9-10 marc
***Go han-mhaith:*** 7-8 marc
***Go maith:*** 5-6 mharc
***Réasúnta:*** 3-4 mharc
***Go lag:*** 0-2 mharc

Agus marcanna faoi MC agus MG araon á mbronnadh, beidh dearcadh oscailte ag an scrúdaitheoir, ag déileáil leis an ábhar, maidir leis an réimse freagraí inghlactha a bhféadfaí bheith ag súil leo ó iarrthóir ar an nGnáthleibhéal agus beidh tuiscint ag an scrúdaitheoir ar scóip an eolais agus na scileanna staire a éilítear faoin siollabas.

# *Nótaí maidir le topaicí faoi leith*

### *ROINN 2: ÉIRE (200 marc)*

Ceisteanna le freagairt ar **dhá** cheann de na sé thopaic thíos.

*Éire: Topaic 1*
**Éire agus an tAontas, 1815 1870**

A1. 27 Iúil (6)
A2. Corcaigh agus Baile Átha Cliath (6)
A3. (Limistéir mhóra) glasraí ag lobhadh (6)
A4. D'fháisc siad a gcuid lámh (3M) agus chaoin siad (3M) (6)
A5. Cúis bhailí AMHÁIN gur cháin Trevelyan tiarnaí talún Éireannacha (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 2*
**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870 1914**

A1. Leis an toradh a fháil ó Theach na dTeachtaí/Le toradh Rialtais Dúchais a fháil (6)
A2. Gur diúltaíodh don Bhille (Rialtais Dúchais) (6)
A3. Lig siad na gártha molta astu/Thréaslaigh siad leis (6)
A4. Áit thar a bheith Protastúnach a bhí i Sandy Row/ Bhuail sé leis na sluaite d'aicme chéanna fear oibre ansin (6)
A5. Cúis bhailí AMHÁIN go raibh daoine i mBéal Feirste i gcoinne Rialtais Dúchais (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 3*
**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912 1949**

A1. Ba í an Ghaeilge an teanga náisiúnta (3M) agus bhí sí ar chomhchéim leis an mBéarla ó thaobh stádais de (3M) (6)
A2. Eoin Mac Néill (6)
A3. An chláirseach (6)
A4. 2RN (6)
A5. Cúis bhailí AMHÁIN maidir le rath nó teip a bhí i gceist le polasaí don Ghaeilge (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

A1. D'iompar sé mála guail abhaile chuici (6)
A2. An Bhanphrionsa Maud (6)
A3. Le radharc deiridh a fháil ar Éirinn/ar shoilse Dhún Laoghaire (6)
A4. Stáisiún gránna salach (3M)
áit a raibh cuma choimhthíoch ar gach rud dar leis (3M) (6)
A5. Cúis bhailí AMHÁIN gur lorg go leor Éireannach obair i Sasana, 1945-1966 (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949 1993**

A1. Dúnadh an naisc iarnróid go Dún na nGall/Dúnadh an naisc iarnróid go Baile Átha Cliath/Íosghrádú an naisc iarnróid go Béal Feirste
Aon DÁ cheann @ 3M an ceann (6)
A2. Bhí ollscoil nua le tógáil i gCúil Raithin (6)
A3. Baile beag in aice láimhe ab ea Cúil Raithin (6)
A4. Mar bhí foirgneamh stairiúil Choláiste Mhic Aodha cheana féin i nDoire/Mar gur cathair a bhí i nDoire, seachas baile beag (6)
A5. Cúis bhailí AMHÁIN gur roghnaíodh Cúil Raithin mar láthair don ollscoil nua (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949 1989**

A1. Chuir an Fhrainc/ an Ginearál Charles de Gaulle bac roimh iarratais ó Éireannaigh (6)
A2. Stoic éisc na Breataine Móire, na Danmhairge agus na hÉireann (6)
A3. Méadaíodh gabhálacha éisc na hÉireann faoi dhó (3M) agus tháinig ardú 90% orthu (3M) (6)
A4. Aire Gnóthaí Eachtracha (6)
A5. Bealach bailí AMHÁIN inar athraíodh Éire tar éis dul isteach i CEE (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

## *ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (100 marc)*

<u>Ceisteanna le freagairt ar cheann **amháin** de na cúig thopaic thíos.</u>

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*
**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

A1. 1815 (6)
A2. Chun an aicme choimeádach a chaomhnú/Chun síocháin a choinneáil san Eoraip/Chun seasamh na hOstaire mar chumhacht mhór a chaomhnú (6)
A3. Louis Philippe (6)
A4. 1830 (6)
A5. Cúis bhailí AMHÁIN maidir le cén fáth ar éirigh le hÉirí Amach 1848 na Gearmáine nó ar theip uirthi (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*
**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871 1920**

A1. Ní raibh aon stáisiúin pheitril sna blianta tosaigh (6)
A2. Ní raibh aon díon, doras ná gaothscáth
Aon DÁ cheann @ 3M an ceann (6)
A3. Deannach bóthair (6)
A4. Is beag maitheas a bhí sna coinnle agus sna lampaí ola (6)
A5. Ceapadóir AMHÁIN ar nós Daimler/ Benz/ Ford/ Maybach/ Marcus/ Olds (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*
**Easaontas agus páirtíocht nua san Eoraip, 1945 1992**

A1. Tá an stíl cheannaireachta atá aici mícheart (6)
A2. Déanann sí tromaíocht ar na comhghleacaithe nach bhfuil chomh láidir léi féin (6)
A3. Foireann bád atá míshásta is cúis lena hiompar/Cuireann sé leis an bhfaitíos agus leis an bhféin-amhras atá orthu (6)
A4. Ba chóir di iad a mholadh/Ba chóir di cur le muinín a foirne/Ba chóir di a bheith ag rá "Muid" seachas "Mé" (6)
A5. Cinneadh tábhachtach AMHÁIN a ghlac Thatcher mar phríomh-aire (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945 1990**

A1. Sráidbhaile (6)
A2. Seirbhísí áitiúla (6)
A3. Feirmeoireacht phobail/ modhanna nua-aoiseacha feirmeoireachta (6)
A4. Trí thagairt a dhéanamh don talamh mar 'ár dtalamh' (3M) agus don bharr mar 'ár mbarr' (3M) (6)
A5. Cúis bhailí AMHÁIN maidir le cén fáth ar éirigh leis an ujamaa nó ar theip air (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945 1989**

A1. Rinne fórsaí na Cóiré Thuaidh ionradh ar an gCóiré Theas/D'iarr muintir na Cóiré Theas cúnamh ar SAM (6)
A2. Tá sé cáinte ag McCarthy (agus ag an bPáirtí Poblachtach) as 'an tSín a ghéilleadh' don chumannachas/Níorbh fhéidir leis an Chóiré a 'ghéilleadh' don chumannachas chomh maith leis an tSín (6)
A3. Cheadaigh na Náisiúin Aontaithe do SAM gníomh míleata a eagrú (3M) agus a chomhordú (3M) (6)
A4. An Ginearál McArthur (6)
A5. Aon tír AMHÁIN - seachas an Chóiré - inar chuir SAM in aghaidh an chumannachais: Vítneam, an tSín, an Rúis, srl (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2017

# SCÉIM MHARCÁLA

# STAIR
# AN NUA-AOIS LUATH

# GNÁTHLEIBHÉAL

*AN TUARASCÁIL AR AN STAIDÉAR TAIGHDE (TST)*
*(100 marc)*

**TEIDEAL AN STAIDÉIR (níl aon mharc ina leith seo)**

Ní cheadaítear marc ar bith i leith an teidil ach ní mór an teideal a thabhairt san áireamh sa mheastóireacht 'ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar staidéir' faoin *Meastóireacht ar na Foinsí*.

**PLEAN IMLÍNEACH (15 mharc)**

Foinsí a lua = 6 mharc Gnéithe eile = 9 marc

**Foinsí a lua**

Iarrtar dhá fhoinse a lua.

Foinse amháin a lua go cuimsitheach agus go cruinn = 3 mharc

3 mharc x 2 = 6 mharc do dhá fhoinse

Teideal = 1 mharc

Údar = 1 mharc

Mír eolais eile sa bhreis air sin mar fhianaise (e.g.: foilsitheoir, dáta foilsithe, seoladh suíomh idirlín, etc.) = 1 mharc

**An t-ábhar staidéir atá molta a shainiú agus bunús a thabhairt dó, ag sonrú na n-aidhmeanna agus an chuir chuige atá i gceist.**

An leagann an t-iarrthóir amach go soiléir an t-ábhar a bhfuil sé i gceist staidéar a dhéanamh air agus an chúis go ndéantar? An leagann an t-iarrthóir amach na haidhmeanna leis an staidéar agus an chaoi ar dóigh go mbainfear amach iad?

Agus an freagra á mheas ina iomláine, cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

***go han-mhaith*** = 8-9 marc
***go maith*** = 6-7 marc
***réasúnta*** = 3-5 mharc
***go lag*** = 0-2 mharc

**MEASTÓIREACHT AR NA FOINSÍ (25 marc)**

Tagairt a dhéanamh d'fheabhas nó do laige na bhfoinsí agus léargas a thabhairt ar an mbaint atá ag na foinsí leis an ábhar.
Cé chomh maith is a éiríonn leis an iarrthóir an méid sin a dhéanamh go soiléir agus go loighciúil?

| | |
|---|---|
| Tagairt don DÁ fhoinse | ***go han-mhaith*** = 21-25 marc<br>***go maith*** = 15-20 marc<br>***réasúnta*** = 8-14 mharc<br>***go lag*** = 0-7 marc |
| Gan ach tagairt d'fhoinse AMHÁIN | ***go han-mhaith*** = 14-17 marc<br>***go maith*** = 10-13 mharc<br>***réasúnta*** = 5-9 marc<br>***go lag*** = 0-4 mharc |

**AISTE FHADA (60 marc)**

Aiste staire = 50 marc Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde = 10 marc

Is féidir an t-athbhreithniú ar an bpróiseas taighde a bheith ina chuid shlán den aiste nó is féidir é a chur i láthair mar ghné ar leith den obair.
Ba cheart an aiste staire a mheas mar aonad agus marcanna as 50 a bhronnadh mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| ***Eolas ar an stair – 25 marc***<br>Críochnúil,<br>cruinn<br>agus ag baint le hábhar an teidil | ***Go han-mhaith:*** 21-25<br>***Go maith:*** 15-20<br>***Réasúnta:*** 8-14<br>***Go lag:*** 0-7 |
| ***Scileanna taighde – 15 mharc***<br>Tá suntas ó thaobh staire leis an staidéar a roghnaíodh (ní ábhar gan iomrá, gan tábhacht é)<br>Plé cóir cothrom ar na ceisteanna.<br>Taighde sách domhain léirithe | ***Sármhaith*** 13-15<br>***Go han-mhaith:*** 10-12<br>***Go maith:*** 7-9<br>***Réasúnta:*** 4-6<br>***Go lag:*** 0-3 |
| ***Cur i láthair – 10 marc***<br>Leagan amach<br>Fad cuí | ***Go han-mhaith:*** 8-10<br>***Go maith:*** 6-7<br>***Réasúnta:*** 4-5<br>***Go lag:*** 0-3 |

***Athbhreithniú ar an bpróiseas taighde (10 marc)***

Is féidir seo a chur i láthair mar chuid ann féin nó mar chuid shlán den aiste.
Ba cheart don scrúdaitheoir an cuntas ar an bpróiseas taighde a mheas ina iomláine.
Tar éis an t-athbhreithniú a mheas, ba cheart don scrúdaitheoir marcanna a bhronnadh mar seo a leanas:

***Go han-mhaith:*** 8-10
***Go maith:*** 6-7
***Réasúnta:*** 4-5
***Go lag:*** 0-3

**_Roinn 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE (CDB)_**
**_(100 marc)_**

Tá ceithre chuid sa cheist Dhoiciméad-bhunaithe:

1. Tuiscint (40 marc)
2. Comparáid (20 marc)
3. Criticeas (20 marc)
4. Comhthéacsúchán (20 marc)

***1. Tuiscint (40 marc)***

(a) Ar chéimeanna na hard-eaglaise 8M

(b) Ar mhaithe le dul chuig na hIndiacha 8M

(c) Ór 8M

(d) Mar gheall go bhfuil an Spáinn chomh costasach (agus praghsanna arda ann)/ Teastaíonn saibhreas mór ó dhaoine le tacú leo féin ann 8M

(e) Carreno 8M

Uasmhéid = 40 marc

***2. Comparáid (20 marc)***

(a) Luaitear i nDoiciméad A go bhfuil na hIndiacha lán le luíocháin agus brataithe le dlúth-fhoraoisí ina bhféadfadh saighdiúirí dul amú nó bás a fháil. D'fhéadfaidís bás a fháil chomh maith dá dteipfeadh orthu snámh in abhainn nó dá mbáití i seascann iad. Bhí baol beatha sna contúirtí dóibh.
Luaitear i nDoiciméad B go bhfuil na contúirtí a bhaineann le trádáil trasatlantach le ceannaithe Sevilla ina bhaol mór dá n-infheistíocht. Ar chúis ar bith, mura dtagann longa i dtír in Sevilla, bheadh caillteanas tromchúiseach i gceist do na ceannaithe sin.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc An-mhaith = 4 mharc Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Lag = 0-1 mharc
Freagra a luann an dá dhoiciméad = 5M + 5M Uasmhéid = 10M

(b) Deirtear i nDoiciméad A chomh fada agus go bhfuil ór ann tabharfaidh na saighdiúirí seirbhís dílis do cheannasaí an turais. Is léir go raibh na saighdiúirí santach i gcomhair óir mar go ndúirt an scríbhneoir go dtréigfidh nó go maróidh siad an ceannaire mura dtéann rudaí i gceart dóibh.
Moltar i nDoiciméad B gur theastaigh ó cheannaithe Sevilla trádáil trasatlantach a dhéanamh agus deis a bheith acu brabús ollmhór a dhéanamh. Ba cheart go ndéanfadh an cabhlach, faoi threoir Carreno, a bhí deireanach ach a rabhthas ag súil leis go fóill, an saol gnó in Sevilla a athbheochan arís.

*Marcáiltear gach doiciméad ar scála aistritheach as 5:*
Sármhaith = 5 mharc An-mhaith = 4 mharc Go maith = 3 mharc
Réasúnta = 2 mharc Lag = 0-1 mharc
Freagra a luann an dá dhoiciméad = 5M + 5M Uasmhéid = 10M

***3. Criticeas (20 marc)***

(a) Tá fianaise i nDoiciméad A go raibh aithne mhaith ag an scríbhneoir ar Sevilla agus ar an Domhan Nua araon.
Insíonn an cheannscríbhinn os cionn an téacs dúinn gur taiscéalaí a bhí sa scríbhneoir (ar an Domhan Nua is dócha) agus go raibh sé anseo ag cur comhairle ar fhear a raibh sé i gceist aige turas a thabhairt ar Sevilla. Comhairle atá i bhformhór an tsleachta maidir le saighdiúirí oiriúnacha a roghnú le dhul ar an turas agus an chúis go bhfuil sé ríthábhachtach rogha mhaith a dhéanamh. Is cosúil ón gcomhairle gur fhoghlaim an scríbhneoir a cheacht ó dhroch-thaithí. Déanann sé cur síos chomh maith ar chomh deacair is atá an tír-raon sa Domhan Nua ar bhealach a thugann le fios go raibh sé ann agus go bhfaca sé féin é.

*Marcáiltear an freagra ar scála aistritheach as 10:*
Sármhaith = 9-10 marc Go han-mhaith = 7-8 marc
Go maith = 5-6 mharc Réasúnta = 3-4 mharc Lag = 0-2 mharc
10M

(b) Tá fianaise i nDoiciméad B go raibh eolas ag an scríbhneoir ar chúrsaí gnó in Sevilla. Insítear dúinn sa cheannscríbhinn os cionn an téacs go raibh sé ina 'cheannaí in Sevilla' agus go raibh 'páirtí sóisearach' i ngnó aige i Líoma. Taispeánann sé seo gur páirtí gnó sinsearach ba ea an scríbhneoir in Sevilla agus go gcaithfidh sé, dá bhrí sin, fios a bheith aige faoi chúrsaí gnó sa chathair agus trádáil leis an Domhan Nua. Míníonn sé ina litir gur drochthréimhse a bhí anseo do ghnó Sevilla, ach tá súil aige go dtiocfaidh borradh faoi nuair a thagann long Carreno isteach.

*Marcáiltear an freagra ar scála aistritheach as 10:*
Sármhaith = 9-10 marc Go han-mhaith = 7-8 marc
Go maith = 5-6 mharc Réasúnta = 3-4 mharc Lag = 0-2 mharc 10M

***4. Comhthéacsúchán (20 marc)***

Marcáiltear de réir phrionsabal an Ráitis Bhuntábhachta.
Uasmhéid = 20M

Is féidir **Ráiteas Buntábhachta** a shainmhíniú mar ráiteas de chineál acu seo a leanas:

- Ráiteas faoi fhíric shuntasach a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh
- Míniú, tuairim nó tráchtaireacht bhailí a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh
- Ráiteas suntasach réamhráiteach **NÓ** clabhsúir a bhaineann le hábhar na ceiste a cuireadh

Maidir leis an bprionsabal marcála de réir Ráiteas Buntábhachta a chur i bhfeidhm, déanfaidh na scrúdaitheoirí mar seo a leanas:

- Tar éis an freagra a léamh, ba cheart é a bhriseadh suas ina Ráitis Bhuntábhachta, agus tic (√ ) a chur ag deireadh gach Ráitis Bhuntábhachta a chríochnaítear
- Bronntar 5 mharc ar gach Ráiteas Buntábhachta a chríochnaítear
- D'fhéadfadh go ngnóthófaí 1-4 mharc ar Ráiteas Buntábhachta nach gcríochnaítear ag deireadh freagra

Sa chás seo, maidir le ceist 4 sa Cheist Dhoiciméad-bhunaithe, féachfaidh an scrúdaitheoir le 5 mharc an ceann a bhronnadh as ceithre Ráiteas Buntábhachta chun na méid iomlán de 20 marc a fháil.

***Roinn 2: ÉIRE (200 marc)***
***agus***
***Roinn 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (100 marc)***

Ní mór don iarrthóir freagairt mar gheall ar **dhá** Thopaic i Roinn 2 agus Topaic **amháin** i Roinn 3.

Tá gach Topaic roinnte ina trí chuid:

A. Aonad faoi spreagadh le 4/5 cinn de cheisteanna gearra le tabhairt fúthu (uasmhéid: 30 marc)
B. Alt gairid le scríobh mar gheall ar cheann de cheithre cinn de cheannteidil (uasmhéid: 30 marc)
C. Alt níos faide le scríobh mar fhreagra ar cheann de cheithre cinn de cheisteanna (uasmhéid: 40 marc)

Déanfar an mharcáil ar A, B agus C mar seo a leanas:

A. Is é an gnáthrud go mbronnfar na marcanna de réir 6 mharc in aghaidh na ceiste agus le 6 mharc x 5 ghnóthófaí uasmhéid 30 marc. Féach ***Nótaí maidir le topaicí faoi leith*** thíos maidir le hathruithe ón nós sin.
B. Déanfar an mharcáil ar an bhfreagra seo de réir phrionsabail an Ráitis Bhuntábhachta mar a leagtar síos thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach 20 marc i leith na Ráiteas Buntábhachta agus ceadófar Uasmharc 10 marc i leith Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Feic an scála aistritheach thíos.
C. Déanfar an mharcáil ar an bhfreagra seo de réir phrionsabail an Ráitis Bhuntábhachta mar a leagtar síos thuas. Ceadófar Uasmharc Carnach 30 marc i leith Ráitis Bhuntábhachta agus ceadófar Uasmharc 10 marc i leith Mheastóireacht Ghinearálta an scrúdaitheora ar an bhfreagra. Feic an scála aistritheach thíos.

**Marc Carnach (MC)**
Seo é an marc iomlán a bhronntar mar gheall ar Ráitis Bhuntábhachta, faoi réir ag uasmhéid 20 marc i gcás chuid B agus uasmhéid 30 marc i gcás chuid C.

**Meastóireacht Ghinearálta (MG)**
Agus marcanna á mbronnadh faoi MG, tabharfaidh an scrúdaitheoir san áireamh a fheabhas a thagann an freagra leis an gceannteideal nó a théitear i ngleic leis an gceist a cuireadh. Beidh an tábla grádúcháin seo a leanas i bhfeidhm:

***Sármhaith*** 9-10 marc
***Go han-mhaith:*** 7-8 marc
***Go maith:*** 5-6 mharc
***Réasúnta:*** 3-4 mharc
***Go lag:*** 0-2 mharc

Agus marcanna faoi MC agus MG araon á mbronnadh, beidh dearcadh oscailte ag an scrúdaitheoir, ag déileáil leis an ábhar, maidir leis an réimse freagraí inghlactha a bhféadfaí bheith ag súil leo ó iarrthóir ar an nGnáthleibhéal agus beidh tuiscint ag an scrúdaitheoir ar scóip an eolais agus na scileanna staire a éilítear faoin siollabas.

# *Nótaí maidir le topaicí faoi leith*

***ROINN 2: ÉIRE (200 marc)***

Ceisteanna le freagairt ar **dhá** cheann de na sé thopaic thíos.

*Éire: Topaic 1*

**Leasú agus Reifirméisean in Éirinn na dTúdarach, 1494 1558**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | De réir a n-aoise, ardéirim agus scolaíocht roimhe seo | (6) |
| A2. | Ar a leaba féin | (6) |
| A3. | Ag uair ar leith (nó nuair a tugadh soilse isteach) an oíche dar gcionn | (6) |
| A4. | Fuair siad ceartú nó faomhadh/ Fuair siad ábhar nua do lá arna mhárach/ D'imigh siad chun a mbéile a ithe | (6) |
| A5. | Ráiteas bailí AMHÁIN maidir le seasamh sóisialta na mbard agus na bhfilí | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 2*

**Éirí amach agus concas in Éirinn i réimeas Eilíse, 1558 1603**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Theith go leor fear an chathair (nó bhog siad amach faoin tuath) mar gheall ar an bplá | (6) |
| A2. | Mar gheall gur choinnigh daoine eile a raibh an phlá orthu faoi rún é | (6) |
| A3. | An Méara | (6) |
| A4. | Ochtó lá sa phríosún (fad is a bheidh a theach dúnta) | (6) |
| A5. | Sir Henry Sidney | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 3*

**An ríocht in aghaidh na coilíneachta - an streachailt don lámh in uachtar in Éirinn, 1603-1660**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Maguire (3M) agus Mahon/ Donough (3M) | (6) |
| A2. | Súilí/ Ráth Maoláin | (6) |
| A3. | O'Neill (3M) agus O'Donnell (3M) | (6) |
| A4. | Oirirce/ Ó theaghlaigh ró-oirirc nó uaisle/ Cáiliúil mar gheall ar ghníomhartha nó éachtaí/ Laochas nó crógacht<br>DHÁ cheann ar bith @ 3M an ceann | (6) |
| A5. | Forbairt bhailí AMHÁIN in Uladh tar éis 1607 | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 4*

**Cinsealacht choilíneachta á bunú, 1660-1715**

A1. Deir siad gur 'ceist uimhreacha an t-aon chúis a bhí leis an gcliseadh' mar go raibh dúbailt an méid trúpaí ag Uilliam agus níos mó ná sin airtléire (6)
A2. Leath-oilte agus leath-armáilte (6)
A3. Ón Rí Séamus é féin (6)
A4. 1,600 (6)
A5. Conradh Luimnigh (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 5*

**An choilíneacht in aghaidh na ríochta – teannas in Éirinn i lár an ochtú haois déag, 1715 1770**

A1. Arthur Young (6)
A2. Ar thuí (6)
A3. 'A Modest Proposal' (6)
A4. George Berkeley/ Easpag Protastúnach Chluana (6)
A5. Tiarna talún a thug plotaí feirme ar cíos fad is a chónaigh sé in áit eile (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*Éire: Topaic 6*

**Deireadh na ríochta Éireannaí agus bunú an Aontais, 1770 1815**

A1. Béal Feirste (3M) Deireadh Fómhair 1791 (3M) (6)
A2. Saoirse/ comhionannas/ bráithreachas DÁ cheann @ 3M an ceann (6)
A3. Napper Tandy (6)
A4. Cúnamh míleata a lorg i gcomhair éirí amach in Éirinn (6)
A5. DHÁ chuid d'Éirinn cosúil le Loch Garman, Aontroim, an Dún (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

***ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR (100 marc)***

<u>Ceisteanna le freagairt ar cheann **amháin** de na cúig thopaic thíos.</u>

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Creideamh agus cumhacht: an pholaitíocht sa séú haois déag déanach, 1567 1609**

A1. Brón uilíoch (6)
A2. Timpeall milliún i bhfiacha (6)
A3. Bhí sé thar a bheith reiligiúnach (6)
A4. Sasana/ An Fhrainc/ Flóndras DHÁ cheann ar bith @ 3M an ceann (6)
A5. Éacht AMHÁIN a bhí bainte amach ag Pilib II mar rí na Spáinne (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

**Dul ar gcúl na Sean Eorpa, 1609 1660**

A1. Longthógáil rathúil/ na fluyts (6)
A2. Gan iomaíocht a dhéanamh le hiomaitheoirí (3M) ach teacht ina n-áit (3M) (6)
A3. Dhíbir siad na hOllannaigh (3M) agus bhunaigh siad ceanncheathrú buan ar Oileáin na Spíosraí (3M) (6)
A4. Rotterdam Nua (6)
A5. Bhí DHÁ thír ina n-iomaitheoirí le trádáil na nOllannach @ 3M an ceann (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**An Eoraip le linn ré Louis XIV, 1660 1715**

A1. An tOllamh Nicholas Orme (6)
A2. Cruachan/ Righniú/ Ag athrú ón spleodar faoi bhrabúis go smaointe faoi dhúshaothrú brúidiúil (6)
A3. Thug siad airgead ar iasacht ar rátaí úis ollmhóra (3M) agus d'úsáid siad acmhainní na cuideachta dá leas féin (3M) (6)
A4. Feabhas ar chúrsaí sláintíochta agus sláinteachais (3M) chomh maith le feabhas ar chúrsaí míochaine (6)
A5. Pointe bailí AMHÁIN maidir leis an gcaidreamh idir Comhlacht na hIndia Thoir agus rialtas na Breataine (6)

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Impireachtaí á mbunú, 1715 1775**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Earraí troma | (6) |
| A2. | Na hoibrithe láimhe a thóg canálacha | (6) |
| A3. | Henry Berry | (6) |
| A4. | Canáil Worsley (go Manchain)/ Canáil Bridgewater | (6) |
| A5. | Cúis AMHÁIN bhailí go raibh aois na gcanálacha réasúnta gearr | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Impireachtaí faoi réabhlóid, 1775 1815**

| | | |
|---|---|---|
| A1. | Bhí amhras mór air faoi (an rath a bheadh le) ionradh Shasana | (6) |
| A2. | Ní raibh sé réitithe ina iomláine | (6) |
| A3. | Chun bagairt a dhéanamh ar thrádáil na Breataine leis an India | (6) |
| A4. | Ardcheannasaí | (6) |
| A5. | DHÁ thír ar bith a ndearna Napoleon ionradh orthu 3M + 3M | (6) |

B - Uasmhéid MC = 20 marc Uasmhéid MG = 10 marc

C - Uasmhéid MC = 30 marc Uasmhéid MG = 10 marc

Leathanach Bán